

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Eagrán : MF10 Nollaig

6/12/2010

## Gaelscoil Thaobh na Coille Faoi Shneachta

Cé chreidfeadh é go mbeadh an scoil agus Baile Átha Cliath faoi shneachta mar a bhí an tseachtain seo chaite agus gan muid ach i Mí na Samhna! Tá súil agam go bhfuil an chuid is measa de thart anois agus gur féidir linn díriú ar ais ar an obair scoile! Tá an Nollag buailte linn, na páistí ar bís agus sibhse a thuismitheoirí gnóthach! Guíom beannachaí na féile oraibh ar fad agus gach dea-ghuí do 2011.

Who would have believed that we would have had the kind of snowy, wintery weather we have had over the last week, in the month of November! I hope that the worst of it is over for now and that we can all get back to our usual school/work routines! Christmas is upon us yet again, the children are excited and the parents are busy! May I take this opportunity to wish you all a very happy and peaceful Christmas and every good wish for 2011.

*Emer Nic Chonchradha*



Cuir ort do chóta a Chlíona!

## Drámaí Nollag na Naónáin Infant Classes Christmas Plays

Beidh drámaí Nollag na naónáin ar siúl i halla na scoile ar an Déardaoin an 16 Nollaig ag a 12.30pm. Ranganna N1A/N1B & N2A/N2B a bheidh ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta 'sna héadáin ceolchoirme ar an lá sin. Fáilte roimh chách.

Beidh cead párcála ar chlós súgartha na scoile óna 12.15pm ar aghaidh ar an lá seo.



The infant classes will perform their christmas plays on Thursday the 16th of December at 12.30pm in the school hall. The pupils from N1A/N1B & N2A/N2B will be participating in the concert. The children may come to school in costume on that day. All are welcome.

Parking will be permitted on the school yard from 12.15pm on this occassion.

San eagrán seo:  
Inside this issue:

Dráma Nollag na Naónáin 1

Féile na Nollag RI- R6 2  
Christmas Celebrations

Féilire Scoile 4  
School Calendar

Ceachtanna Snáma 2  
Swimming Lessons

Féile: An Béal Binn 3  
Festival

Lá Pleanála ar Athló 3  
Planning Day Postponed

Cóineartú 4  
Confirmation

Maidin Caifé 4  
Coffee Morning

## Dátaí don Dialann

Dates for your Diary

- **8/12/2010** Scoil ar oscailt do na daltaí : School open for pupils
- **16/12/2010** Drámaí Nollag na Naónáin : Infant Classes Christmas plays.
- **20/12/2010** Féile Nollag na Scoile RI-R6
- **17/12/2010** Maidin Caifé na Nollag : Coffee Morning
- **23/12/2010** Saoire na Nollag : Christmas Holidays
- **10/01/2011** Scol ag ath-oscailt : school re-opens
- **26/05/2011** Cóineartú : Confirmation



Féile na Nollag  
R1-R6  
Luan 20 Nollaig  
12.30pm & 7.30pm



“tá’n Nollaig buaillte  
linn,  
tá áthas ins an aer,  
tá sneachta ar an  
talamh,  
’s tá réalta ins an spéir,  
táimid ag dul a chodladh  
’s tá ár stocaí réidh,  
tá daidí na Nollag ag  
teacht anois  
anuas an similéir  
ó bualadh bos  
bualadh bos  
bualadh bos go léir  
tá daidí na nollag  
ag teacht anois  
anuas an similéir”



## Féile na Nollag R1-R6

Beidh Féile na Nollag ar siúl ar an Luan an 20 Nollaig i halla na scoile ag a 7.30pm. Daltaí ranganna 1-6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Beidh daltaí R1, R3 & R5 ag cur drámaí beaga ar an ardán agus beidh daltaí R2, R4 & R6 ag canadh carúil nollaig. Cuirimíd lán-fháilte roimh thuismitheoirí agus gaolta uile na scoile a bheith i láthair ag an ócáid speisialta seo.

Os rud é go mb’fhéidir go mbeimíd gann ar spás sa halla is t’oíche tá sé i gceist againn an ceolchoirm a rith

faoi dhó. An chéad uair ag a 12 a chlog do dhaltaí N1 & N2, a gcuid tuismitheoirí nó tuismitheoirí le páistí óga nach mbeidh sé ar a gcumas freastal ar an gceolchoirm um thráthnáona.

& R6 will be singing christmas carols. We cordially invite all parents, relations and friends of Gaelscoil Thaobh na Coille to join us at this special occasion.

We will be holding a Christmas Concert on Monday the 20th of December at 7.30pm in the school hall. All pupils from 1st to 6<sup>th</sup> class will be participating in this Christmas celebration. The pupils from R1, R3 & R5 will be putting on short plays and the pupils from R2, R4

As we may find ourselves a little bit pushed for space we intend putting on a seperate performance earlier on in the day at 12 o'clock for the junior & senior infants, their parents and any other parents with younger children who may find it difficult to get out to the evening performance.

## Maith sibh a Thuismitheoirí,

A great effort is being made Gaeilge a labhairt at the front door ar maidin as the páistí are changing their bróga.....hope it's not only because the príomhoide is standing ansin! Maith sibh, keep up the obair maith!

## Ceacthanna Snámha Swimming Lessons

Tosnóidh ceachtanna snámha do dhaltaí R3/R4 ar an Aoine an 14 Eanair 2011. 9 sheisiún snámha ar fad a bheidh i gceist. Reachtáilfear na seisiúin ó 12 – 12.45pm ar bhonn seachtainiúil i Linn Snámha Bhaile an tSaoir. Beidh ceathrar oiliúnóirí cáilithe snámha i mbun na ranganna snámha. Déanfar na daltaí a ghrúpáil de réir chumais agus taithí. Costas €65 a bheidh ann don 9 sheisiún (costas ceachtanna & taistil ar bhus san áireamh). Baileofar an t-airgead i mí

Eanair. Sa chás go mbíonn fadhb airgeadais ann, ná bíodh drogall ar éinne é sin a chur in iúl dom agus tiocfar ar shocrú a bheidh in oiriúint duit. Beidh ceachtanna snámha ar siúl do R1/R2 ón 1 Aibreán ar aghaidh.

Swimming lessons for R3/R4 will start on Friday the 14<sup>th</sup> of January 2011. The swimming lessons will take place on a weekly basis for 9 weeks from 12 – 12.45pm in Ballinter Swimming Pool.

The lessons will be run by four qualified swimming instructors. The pupils will be grouped according to ability and experience. The total cost of the 9 sessions is €65 (which includes instruction & transport). Swimming lesson fees will be collected in January. Should you have any difficulty with same, please do not hesitate to speak to me to come to a suitable arrangement. Swimming lessons for R1/R2 will begin on the 1st of April.



## Féile : An Béal Binn Festival

Ghlac daltaí Rang a 5 páirt i bhFéile an Bhéal Bhinn i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath ar an Satharn an 27 Samhain. Le roinnt seachtainí roimhe sin bhí Colm Ó Foghlú (atá fostaithe ag an Béal Binn) ag obair le daltaí R5 agus an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn le ceoldráma bunaithe ar scéal 'Píobaire Hamlen' a chur le chéile. Duine é Colm a bhfuil an-bhuanna drámaíochta agus ceoil aige agus chuir sé ceoldráma gleoite le chéile do na páistí. Bhí an

t-ádh linne i nGaelscoil Thaobh na Coille go bhfuair eamar an deis seo obair le Colm agus leis An Béal Binn. Bhain na daltaí an-sult, taithneamh agus an-tairbhe go deo as.

R5 participated in Féile: An Béal Binn in Liberty Hall in Dublin on Saturday the 27th of November. Colm Ó Foghlú (who works for An Béal Binn) came to the school several times a week in the weeks leading up to the festival to work with R5 and an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn to

produce a musical play based on the story of The Pied Piper of Hamlen. Colm is extremely talented in the arts and he wrote and directed a delightful play that was so perfect and age appropriate for the children he was working with. We are delighted to have been given the opportunity to work with Colm and An Béal Binn on this project.

Beidh an dráma seo á léiriú ag R5 mar chuid d'Fhéile na Nollag.



♪ Tá an lá go hálainn,  
tá an ghrian sa spéir,  
tá gach duine sona ,  
tá sé sin soiléir ♪



R5 Píobaire Hamlen

## An Béal Binn

Grúpa is ea an Béal Binn a chuireann ealaíona béal na Gaeilge chun cinn. Tá sé mar chuspóir acu seans a chur ar fáil do mhuintir an cheantair gaeilge a úsáid ag ócáidí thaitneamhacha: cuma an beag nó mór a gcumas labhartha sa ghaeilge. Tá compántas drámaíochta ag an Béal Binn agus eagraíonn siad taispeántais, oícheanta ceoil, filíochta comhrá spóirt agus scléip. Tá an Béal Binn lonnaithe i mBré.

Tuile eolais ar fail ag [www.anbealbinn.com](http://www.anbealbinn.com)

An Béal Binn are a group of people who want to get others involved in enjoying Irish no matter how little or how much they speak to start with. An Béal Binn is about the enjoyment of music, art, drama, poetry, song and the spoken word in new and traditional ways. An Béal Binn run events, shows, groups, exhibitions & nights out trí Ghaeilge. An Béal Binn is based in Bray.

For more info go to [www.anbealbinn.com](http://www.anbealbinn.com)



## Lá Pleanála ar Athló Planning Day Postponed

Ós rud é go raibh an scoil dúnta le cúpla lár de bharr na droch aimsire tá an lá pleanála forbairt scoile a bhí socraithe don Chéadaoin seo an 8 Nollaig á chur ar athló againn go dtí an bhliain nua. Beidh an scoil AR OSCAILT do na daltaí ar an gCéadaoin. Beidh oraibh bhúr socraithe pearsanta clainne a dhéanamh maidir le freastal ar an Aifreann don lá naofa seo.

As the school has been closed recently due to the snow the teachers school planning day that was scheduled for this Wednesday the 8th of December is being postponed until early in the new year. The school will therefore BE OPEN for pupils on Wednesday. You should make your own family arrangements for attendance at mass for this Holy day of observation.



Yippee tá scoil againn ar an gCéadaoin!



Gaelscoil Thaobh na Coille  
Beallairmín  
An Chéim  
B.A.C. 18

Fón: 01 2950000  
Facs: 01 2945902

R-phost: gaelscoil@taobhnacoille.ie

### "Beatha Teanga í a Labhairt"



### Gaelscoil Thaobh na Coille

**Gréasán Idirlíon**  
[www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

### Crannchur Mór Monster Raffle

Seolfar ticéadaí do Chrannchur Mór na Nollag abhaile 'sna máláí scoile go luath.

Tickets for the Monster Christmas Raffle will be sent home in the school bags shortly.

### Maidin Caifé Coffee Morning

Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an Aoine an 17/12/10 ag a 9.00am. Muna bhfuil freastal déanta agat ar cheann de na maidineacha caifé seo is fiú go mór duit triall a bhaint as. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte agus clabaireachta a dhéanamh! Tarraingeofar na ticéid do bhuaiteoirí Chrannchur Mór na Nollag ar an lá sin freisin.

Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on Friday morning the 17th of December at 9.00am. If you haven't attended one of these infamous coffee mornings it's well worth giving it a go. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! The winning tickets for our Monster Christmas Raffle will be pulled during the coffee morning.

### Cóineartú Confirmation

Beidh ár gCóineartú fhéin againn i mbliana don chéad uair. Beidh an searmanais ar siúl ag a 11.00am ar an Déardaoin an 26 Bealtaine 2011 i Séipéal Mhuire, Áth an Ghainimh. 'Sé an tAthair Lomán Mac Aodha (atá mar shéiplíneach ar Scoil Lorcáin, Baile na Manach) a dhéanfaidh na páistí a chóineartú. B'é an tAthair Lomán a rinne daltaí R6 na bliana seo chaite a chóineartú sa Charraig Dhubh.



We will have our own confirmation this year for the first time. The ceremony will take place at 11.00am on Thursday the 26th of May 2011 in St. Mary's Church, Sandyford Village. An tAthair Lomán Mac Aodha (who is chaplain to Scoil Lorcáin, Monkstown) will confirm the children. An tAthair Lomán officiated at last years confirmation in Blackrock.

### Féilire Scoile 2011 School Calendar

Tá féilire scoile álann do 2011 curtha le chéile ag Coiste na dTuismitheoirí arís i mbliana. Tá grian-grafanna de dhaltaí/ranganna uile na scoile sa bhféilire maraon le grian-grafanna d'imeachtaí éagsúla scoile ón mbliain seo chaite. Costas €10 a bheidh ar an bhFéilire agus beidh sé ar fáil go luath....bronntanas álann do mhamó!

Coiste na dTuismitheoirí have produced another fabulous school calendar for 2011. Included in the calendar are photos of all the pupils/classes in the school and photos depicting various school events from last year. The Calendars cost €10 and will be available very soon.... a lovely present for granny!



Maidin caifé deirneach i gCill Tiarnán! Meitheamh 2009